Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 34

# Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus costais eile i ndáil le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais, agus deontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2022 as leithreasaí neamhchaite in 2021, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear barrachas €246.736 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus nótaí 1 go 7.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

### *Luacháil sócmhainní*

Tá úinéireacht sé pháirc náisiúnta dílsithe don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is iad sin: Páirc Náisiúnta Bhoirne, Páirc Náisiúnta Chonamara, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Páirc Náisiúnta Chill Airne, Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin agus Páirc Náisiúnta Néifinne Fiáine.

Ní dhearnadh talamh, foirgnimh ná sócmhainní oidhreachta atá suite laistigh de na páirceanna náisiúnta a luacháil, agus ní léirítear iad sa ráiteas faoi shócmhainní seasta. Cuirtear sócmhainní eile atá suite sna páirceanna, amhail trealamh agus feithiclí, ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní seasta.

### *Dímheas*

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar sócmhainní eile de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta ar bhonn míosúil ón mí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse ar an mbonn seo a leanas

- foirgnimh ag ráta 5% in aghaidh na bliana
- mótarfheithiclí ag ráta 20% in aghaidh na bliana

- gléasra agus innealra ag ráta 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair ag ráta 6.66% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bpárolla, acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ag baint léi.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar gníomhaíocht leantach de bhun thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a áirithiú.

Tá mionsonraí maidir le 25 chonradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de chúig chonradh (os cionn €25,000), arbh ionann iad agus €1,423,352 san iomlán (Gan CBL a áireamh) in 2022 mar atá leagtha amach thíos:

- Conradh do chonraitheoirí tacaíochta éiceolaíochta, bunachar sonraí agus GIS lenar bhain caiteachas €1,056,750 (gan CBL a áireamh) agus a síneadh go ceann bliain amháin chun leanúnachas seirbhísí a áirithiú faoi chonradh soláthraí aonair a chuaigh in éag i mí Lúnasa 2022. Cuireadh síneadh 12 mhí eile i bhfeidhm go Lúnasa 2023 chun leanúnachas seirbhísí a áirithiú. Níl an Roinn ag súil le conradh eile mar go bhfuil acmhainní á gcur i bhfeidhm don togra.
- Bhí gá le síneadh a chur leis an gconradh le BT Communications Ireland Ltd chun ceadúnais WebEx a athnuachan ar luach €120,786 (gan CBL a áireamh) chun go bhféadfaí leanúint le córas gnó criticiúil a n-úsáideann an Roinn é ar bhonn laethúil go dtí go ndéanfaidh an Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) Microsoft Teams a sheachadadh in 2023.

- Leantar ar aghaidh le conradh seirbhísí teileafónaíochta TFC lenar bhain caiteachas €104,080 (gan CBL a áireamh) sa bhliain go dtí go gcríochnófar próiseas soláthair. Tá sé i gceist ag an Roinn conradh comhlíontach a chur i bhfeidhm in 2023.
- Chun na dualgais reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh, cuireadh conradh a bronnadh ar dtús le próiseas iomaíoch chun seirbhís aistriúcháin Ghaeilge a chur ar fáil i bhfeidhm fad is a bhí creat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) á bhunú, agus caiteachas €65,602 (gan CBL a áireamh) ag baint leis sa bhliain. Tá próiseas soláthair iomaíoch, inar baineadh úsáid as Creat OGP, curtha i gcrích ó shin.
- Cuireadh síneadh le conradh lenar bhain caiteachas €76,134 chun deireadh a chur le labhras ionrach chun freastal ar dhualgais na Roinne meath na coillearnaí a chosc.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus cabhraíonn sé leis an mBord Bainistíochta freagairt dá réir, agus acmhainní á leithdháileadh más gá, chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí bearta maolaithe agus freagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith.

Mar chuid d'fheabhsuithe leanúnacha maidir le sainaithint agus bainistíocht riosca, rinne an Roinn eRisk a sheoladh agus a chur chun feidhme le déanaí, ar córas lárnach bainistíochta riosca é trínar féidir le hAonaid Ghnó príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú. Déantar gníomhaíochtaí maolaithe chun na rioscaí aitheanta a íoslaghdú a thaifeadadh freisin.

Tá an clár lárnach leictreonach sin á thiomsú agus cuirfear an chéad leagan den chlár faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena athbhreithniú i mí Aibreáin 2023.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Déantar athbhreithniú lárnach ar an gclár rioscaí agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar na rioscaí ardleibhéil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a sainaithníodh a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2022 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

26 Iúil 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

## Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta i ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha nár comhlíonadh rialacha soláthair náisiúnta iontu maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2022.

***Fíneáil AE a íoc***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl i nóta 6.2 gur íoc an Roinn €2.76 milliún leis an gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2022 de bhun breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí na Samhna 2019. Bhain an cás Cúirte le mainneachtain na hÉireann a chinntiú go ndéanfaí measúnacht chúlghabhálach tionchair timpeallachta ar fheirm ghaoithe a tógadh i gContae na Gaillimhe.

Ba é a bhí san fhíneáil ar fhorchuir an Chúirt Bhreithiúnais í ná íocaíocht chnapshuime €5 mhilliún (a íocadh sa bhliain 2020) agus fíneáil €15,000 a gearradh gach lá a bhí an sárú fós á dhéanamh, mar aon le costais dlí. Tugadh le fios sa chomhfhreagras ón gCoimisiún gur chomhlíon Éire téarmaí an bhreithiúnais faoin 5 Feabhra 2022 agus go scoirfí de na fíneálacha laethúla a ghearradh. Íocadh an tráthchuid deiridh €1.245 milliún, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 13 Samhain 2021 go dtí an 4 Feabhra 2022, leis an gCoimisiún Eorpach an 8 Márta 2023. D'fhág sé sin gur íocadh €17.226 milliún san iomlán i leith an bhreithiúnais.

***Úsáid láithreáin na Scéime Comhiomlánaithe Talún***

Tugann Caibidil 11 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2022 nuashonrú ar dhul chun cinn na scéime seo.

***Vótáil cistí vótáilte le haghaidh tithíochta***

Áirítear i gCaibidil 5 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2022 alt ar na himthosca inar aistríodh maoiniú ón Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta chuig an Scéim Iasachtaí Caipitil agus Fóirdheontas.

***Cuntasacht as maoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla***

Breathnaítear i gCaibidil 4 de mo thuarascáil ar chuntais an phobail do 2022 ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2022 féachaint an bhfuil ranna áirithe de chuid an rialtais láir, lena n-áirítear Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, ag comhlíonadh imlitir 13/2014 Bainistíocht agus cuntasacht i leith deontais ó chistí Státchiste maidir le maoiniú deontais d'údaráis áitiúla.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Iúil 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

# Cuntas Leithreasa 2022

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,643,813 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 247,300 | | | |
| | *Forlíontach* | (40,000) | | | |
| | | | 3,851,113 | 3,386,529 | 2,782,675 |
| B | Seirbhísí Uisce | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,576,350 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | 1,577,350 | 1,512,217 | 1,371,624 |
| C | Rialtas Áitiúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 268,795 | | | |
| | *Forlíontach* | 156,401 | | | |
| | | | 425,196 | 427,558 | 720,217 |
| D | Pleanáil | | | | |
| | *Bunaidh* | 225,196 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 25,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (117,400) | | | |
| | | | 132,796 | 106,711 | 109,854 |
| E | Met Éireann | | 43,161 | 36,118 | 33,659 |
| F | Oidhreacht | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 175,812 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,500 | 179,312 | 163,348 | 124,995 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,933,127 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 275,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **6,208,928** | **5,632,481** | **5,143,024** |
| | *Lúide* | | | | |
| G | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **61,089** | **71,378** | **66,076** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,872,038 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 275,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **6,147,839** | **5,561,103** | **5,076,948** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar iomlán na leithreasuithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €340 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i ndáil le gnéithe caipitil Chláir A, B, D, agus F ar aghaidh go dtí 2023, le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 586,735,590 | 392,471,868 |
| Géilleadh iarchurtha | (340,000,000) | (275,800,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **246,735,590** | **116,671,868** |

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

30 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 5,516,315 | 5,041,916 |
| Pá | | 91,782 | 79,557 |
| Neamhphá | | 24,384 | 21,551 |
| **Ollchaiteachas** | | **5,632,481** | **5,143,024** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 71,378 | 66,076 |
| **Glanchaiteachas** | | **5,561,103** | **5,076,948** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (6,396) | | |
| Dímheas | 2,735 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 5 | (3,656) | (1,819) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (3,227) | | |
| Laghdú ar fhardail | 833 | (2,394) | 2,321 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **5,555,053** | **5,077,450** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 31,906 | 30,625 |
| Measchíosanna | | 4,231 | 4,006 |
| **Glanchostas an chláir** | | **5,591,190** | **5,112,081** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 41 | 37 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 27,848 | 28,134 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,130 | 702 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 156 | 141 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 9 | — |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 1,615 | 1,504 |
| An Príomh-Chiste – pinsin airí | | 107 | 107 |
| | | **31,906** | **30,625** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 67,153 | 63,425 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 364,675 | 384,818 |
| Fardail | 2.3 | 83 | 916 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 1,565 | 1,466 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 9,866 | 8,971 |
| Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta | 7.2 | 67,754 | 68,070 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 2,109 | 2,143 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **446,052** | **466,384** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 24,067 | 20,721 |
| Ioncam iarchurtha | 2.8 | 4,648 | 10,364 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.9 | 21,377 | 25,436 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.10 | 345,407 | 361,525 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **395,499** | **418,046** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 50,553 | 48,338 |
| **Glansócmhainní** | | **117,706** | **111,763** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.11 | **117,706** | **111,763** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus TF | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlána** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 47,490 | 11,712 | 3,891 | 25,292 | 9,389 | 97,774 |
| Coigeartuithe na bliana roimhe sin [b] | — | (11) | — | 92 | 10 | 91 |
| Breiseanna | 1,035 | 2,962 | 294 | 796 | 1,488 | 6,575 |
| Diúscairtí | — | (46) | — | (73) | — | (119) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 48,525 | 14,617 | 4,185 | 26,107 | 10,887 | 104,321 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 2,218 | 7,932 | 2,373 | 21,826 | — | 34,349 |
| Coigeartuithe na bliana roimhe sin [b] | — | (91) | (7) | 296 | — | 198 |
| Dímheas don bhliain | 350 | 1,046 | 57 | 1,282 | — | 2,735 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (46) | — | (68) | — | (114) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 2,568 | 8,841 | 2,423 | 23,336 | — | 37,168 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | 45,957 | 5,776 | 1,762 | 2,771 | 10,887 | 67,153 |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 45,272 | 3,780 | 1,518 | 3,466 | 9,389 | 63,425 |

Nótaí
[a] Ní áirítear talamh, foirgnimh agus sócmhainní oidhreachta na bpáirceanna náisiúnta.
[b] Mar thoradh ar athbhreithniú ar chlár na sócmhainní seasta in 2022, bhí gá le coigeartuithe don bhliain roimhe sin.

- Fágadh dhá shócmhainn a fuarthas in 2021 ar lár ón gclár sócmhainní seasta.
- Athbhreithníodh sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt do 2021.
- Athbhreithníodh an muirear dímheasa maidir le sócmhainní oidhreachta a aistríodh isteach sa Roinn in 2021.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 364,386 | 384,787 |
| Iarmhéid cuntais bainc tráchtála | 289 | 31 |
| | **364,675** | **384,818** |

## 2.3 Fardail [a]

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Beostoc | 51 | 91 |
| Tomhaltáin TF | 21 | 235 |
| Eile | 11 | 257 |
| Tomhaltáin mheitéareolaíochta | — | 146 |
| Ábhair thógála | — | 68 |
| Stáiseanóireacht | — | 44 |
| Breoslaí agus leasacháin | — | 42 |
| Ábhair ghlantacháin | — | 33 |
| | **83** | **916** |

Nóta [a] Mar thoradh ar athrú ar an mbeartas cuntasaíochta a glacadh in 2022, dí-aithníodh míreanna fardail ardtoirte íseal-luacha ar lú a luach ná €1,000.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Tacaíocht bogearraí | 1,248 | 1,151 |
| Ranníocaíocht idirnáisiúnta | 100 | 150 |
| Riarachán | 31 | 4 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 186 | 161 |
| | **1,565** | **1,466** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Fáltais imeall trá | 6,418 | 5,105 |
| Tobhach pinsin | 3,367 | 2,243 |
| Fáltais Met Éireann | 77 | 1,592 |
| Táillí iniúchóireachta | 3 | 20 |
| Seirbhísí agus muirir ag láithreáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 1 | 11 |
| | **9,866** | **8,971** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Tionscadail oidhreachta | | |
| Comhpháirtíocht Straitéiseach Fháilte Éireann | 388 | 361 |
| Cairde Éanlaith Éireann 2020/2021 | 253 | 202 |
| Tionscadal athchóirithe LIFE an Phortaigh Ardaithe [a] | 241 | — |
| Teach Chill Airne | 161 | 161 |
| Coill na dTóimí | 142 | 142 |
| Tionscadail eile | 336 | 241 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 301 | 789 |
| Costais in-fhorchúitithe tuarastail | 152 | 134 |
| An scéim maidir le pas taistil in-fhorchúitithe | 27 | 40 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 3 | 6 |
| Óinchistí | 14 | 3 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 91 | 64 |
| | **2,109** | **2,143** |

Nóta [a] Is é is clár LIFE ann ná uirlis maoiniúcháin AE, a chuireann tacaíocht ar fáil do thionscadail um an gcomhshaol, um chaomhnú an dúlra agus um ghníomhú ar son na haeráide trí AE. Is é cuspóir ginearálta LIFE ná rannchuidiú le beartas agus reachtaíocht comhshaoil AE a chur chun feidhme, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt trí threoirthionscadail nó tionscadail taispeána a mbaineann breisluach Eorpach leo a chómhaoiniú.

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 286 | 291 |
| Fabhrú an Chláir | | |
| A Tithíocht | 19,325 | 14,735 |
| B Uisce | 26 | 69 |
| C Rialtas Áitiúil | 141 | 128 |
| D Pleanáil | 1,990 | 3,923 |
| E Met Éireann | 46 | 72 |
| F Oidhreacht | 1,264 | 884 |
| Costais riaracháin | 989 | 619 |
| | **24,067** | **20,721** |

## 2.8 Ioncam iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ceadúnais imeall trá | 4,648 | 10,364 |
| | **4,648** | **10,364** |

## 2.9 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,368 | 1,166 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 939 | 787 |
| Cáin Bhreisluacha | 827 | 1,337 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 728 | 511 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 325 | 270 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 276 | 233 |
| | 4,463 | 4,304 |
| Tionscadal comhtháite LIFE [b] | 3,984 | 3,326 |
| Dúlra an Atlantaigh Fhiáin, LIFE [b] | 3,364 | 3,578 |
| LIFE ar Mhachaire [b] | 2,338 | 2,221 |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe [c] | 2,273 | 2,447 |
| An Ciste Forbraíochta Uirbí [a] | 1,428 | 6,683 |
| Tionscadal LIFE Crex an Atlantaigh [b] | 881 | 1,241 |
| Tionscadal WaterLANDS | 734 | — |
| Tionscadal LIFE Chiarraí [b] | 367 | 182 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 340 | 326 |
| Tionscadal LIFE Oileánach [b] | 26 | — |
| Tionscadal athchóirithe LIFE um Portaigh Ardaithe [b] | — | 158 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 1,179 | 970 |
| | **21,377** | **25,436** |

Nótaí

[a] Féach Nóta 7.1.

[b] Is é is clár LIFE ann ná uirlis maoiniúcháin AE, a chuireann tacaíocht ar fáil do thionscadail um an gcomhshaol, um chaomhnú an dúlra agus um ghníomhú ar son na haeráide trí AE. Is é cuspóir ginearálta LIFE ná rannchuidiú le beartas agus reachtaíocht comhshaoil AE a chur chun feidhme, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt trí threoirthionscadail nó tionscadail taispeána a mbaineann breisluach Eorpach leo a chómhaoiniú.

[c] Baineann an t-iarmhéid a thaispeántar thuas le réamh-mhaoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT) go dtí go bhfaightear éilimh fhíoraithe maidir le tionscadail aonair. Bunaíodh CAFT mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 agus cuireann sé infheistíocht ar fáil chun tacú le hathnuachan tuaithe do thionscadail oiriúnacha i mbailte agus sráidbhailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000, agus i gceantair imeallacha. Tá sé á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

## 2.10 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas | 246,736 | 116,672 |
| Géilleadh iarchurtha | 340,000 | 275,800 |
| Deontas státchiste nár tarraingíodh | (241,329) | (30,947) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **345,407** | **361,525** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 364,675 | 384,818 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2,109 | 2,143 |
| | 366,784 | 386,961 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (4,463) | (4,304) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (16,914) | (21,132) |
| | (21,377) | (25,436) |
| | **345,407** | **361,525** |

## 2.11 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 111,763 | 107,816 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 6,147,839 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (340,000) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (246,736) | | |
| Glanvóta | | | 5,561,103 | 5,076,948 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áiteanna eile | 1.1 | | 31,906 | 30,625 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 4,231 | 4,006 |
| Sócmhainní a aistríodh isteach sa Roinn | 2.1 | | — | 4,494 |
| Athaicmiú sócmhainní oidhreachta | | | (107) | (45) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (5,591,190) | (5,112,081) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **117,706** | **111,763** |

## 2.12 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 5,791 | 6,358 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 1,182,917 | 1,174,083 |
| Cláir deontas chaipitil | 2,514,797 | 2,075,841 |
| Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí | 573,156 | 603,377 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **4,276,661** | **3,859,659** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 1,174,083 | 1,074,726 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (1,116,559) | (1,022,108) |
| Ceangaltais deontais nua | 1,125,393 | 1,121,465 |
| **Iarmhéid deiridh** | **1,182,917** | **1,174,083** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 2,075,841 | 2,333,985 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (1,752,402) | (1,490,604) |
| Ceangaltais deontais nua | 2,191,358 | 1,232,460 |
| **Iarmhéid deiridh** | **2,514,797** | **2,075,841** |

**d) Ceangaltais mórthionscadal caipitil**

| **Tionscadail tithíochta** | | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021** | **Caiteachas in 2022** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022** | **Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Tógáil*** *Arna gcómhaoiniú* [a] | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Aislinn, Bóthar Chill Rois, Inis, An Clár | | | | | | |
| | Údarás áitiúil | 1,548 | — | — | 1,548 | 1,548 |
| | Roinn | 5,652 | 3,100 | 234 | 8,986 | 8,986 |
| | | 7,200 | 3,100 | 234 | 10,534 | 10,534 |
| Garrán na Feá, Cloich na Coillte, Corcaigh | | | | | | |
| | Údarás áitiúil | 1,427 | 138 | — | 1,565 | 1,427 |
| | Roinn | 13,397 | 2,029 | 198 | 15,624 | 15,762 |
| | | 14,824 | 2,167 | 198 | 17,189 | 17,189 |
| Pollmhóin, Baile an Chollaigh, Cathair Chorcaí | | | | | | |
| | Údarás áitiúil | 213 | — | — | 213 | — |
| | Roinn | 2,699 | 48 | 20,613 | 23,360 | — |
| | | 2,912 | 48 | 20,613 | 23,573 | — |
| Athchóiriú Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 | | | | | | |
| | Údarás áitiúil | 10,288 | — | — | 10,288 | 10,288 |
| | Roinn | 24,216 | — | 13,696 | 37,912 | 37,912 |
| | | 34,504 | — | 13,696 | 48,200 | 48,200 |
| Sráid Dhoiminic (An Taobh Thoir), Baile Átha Cliath 1 | | | | | | |
| | Údarás áitiúil | 3,434 | — | — | 3,434 | 3,434 |
| | Roinn | 23,411 | — | 2,458 | 25,869 | 25,869 |
| | | 26,845 | — | 2,458 | 29,303 | 29,303 |
| Bóthar Bhun Raite: (Céim 1), Baile Átha Cliath 17 | | | | | | |
| | Údarás áitiúil | 3,788 | — | — | 3,788 | 3,788 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Roinn | 23,618 | — | 1,812 | 25,430 | 25,430 |
| | 27,406 | — | 1,812 | 29,218 | 29,218 |
| Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (Céim 1A) Baile Átha Cliath 7 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,139 | — | — | 1,139 | 1,139 |
| Roinn | 14,671 | 7,774 | 4,146 | 26,591 | 19,530 |
| | 15,810 | 7,774 | 4,146 | 27,730 | 20,669 |
| Corr na Móna, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 12 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,017 | — | — | 1,017 | 1,017 |
| Roinn | 18,162 | 1,539 | 1,658 | 21,359 | 21,359 |
| | 19,179 | 1,539 | 1,658 | 22,376 | 22,376 |
| Sráid Chorcaí, Sráid an tSeomraigh, Baile Átha Cliath 8 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,593 | 567 | — | 2,160 | 1,593 |
| Roinn | 15,096 | 236 | 2,961 | 18,293 | 18,860 |
| | 16,689 | 803 | 2,961 | 20,453 | 20,453 |
| Sráid an Rí Thuaidh, Plás Sheáin Foster, Baile Átha Cliath 7 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 882 | — | — | 882 | 882 |
| Roinn | 10,421 | 536 | 1,087 | 12,044 | 12,044 |
| | 11,303 | 536 | 1,087 | 12,926 | 12,926 |
| Ard Bhaile Uí Ógáin, Baile Uí Ógáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás áitiúil | 89 | 8,924 | — | 9,013 | 89 |
| Roinn | 604 | 6,179 | 3,254 | 10,037 | 18,961 |
| | 693 | 15,103 | 3,254 | 19,050 | 19,050 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás áitiúil | 5,413 | — | — | 5,413 | 5,413 |
| Roinn | 6,205 | — | 305 | 6,510 | 6,510 |
| | 11,618 | — | 305 | 11,923 | 11,923 |
| Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás áitiúil | 5,041 | — | — | 5,041 | 5,041 |
| Roinn | 4,630 | — | 412 | 5,042 | 5,042 |
| | 9,671 | — | 412 | 10,083 | 10,083 |
| Clós Chill Tiarnáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás áitiúil | 6,985 | — | — | 6,985 | 6,985 |
| Roinn | 2,709 | — | 12,261 | 14,970 | 14,970 |
| | 9,694 | — | 12,261 | 21,955 | 21,955 |
| Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1) Fine Gall | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,260 | — | — | 2,260 | 2,260 |
| Roinn | 9,603 | 5 | 13 | 9,621 | 9,621 |
| | 11,863 | 5 | 13 | 11,881 | 11,881 |
| Tailte na Ceapaí (Céim 3), Bóthar na Ceapaí, Fionnghlas | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 4,896 | — | 4,896 | — |
| Roinn | 6,179 | 5,232 | 2,383 | 13,794 | 18,690 |
| | 6,179 | 10,128 | 2,383 | 18,690 | 18,690 |
| Goirt an Teampaill, Céim 2B, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15, Fine Gall | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 4,733 | — | 4,733 | — |
| Roinn | 1,672 | 10,201 | 4,485 | 16,358 | 21,091 |
| | 1,672 | 14,934 | 4,485 | 21,091 | 21,091 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Bóthar Bhaile an Mhóinín (Céim 2), Cathair na Gaillimhe | | | | | |
| Údarás áitiúil | 663 | — | — | 663 | 663 |
| Roinn | 17,443 | — | 432 | 17,875 | 17,443 |
| | 18,106 | — | 432 | 18,538 | 18,106 |
| Garraí Beag, Bóthar Mhuine Mheá, An Baile Mór, Cathair na Gaillimhe | | | | | |
| Údarás áitiúil | 327 | — | — | 327 | 327 |
| Roinn | 4,611 | 1,182 | 8,030 | 13,823 | 13,823 |
| | 4,938 | 1,182 | 8,030 | 14,150 | 14,150 |
| Naomh Adhamhnáin, Gort an tSrutháin, Tamhlacht | | | | | |
| Údarás áitiúil | 4,276 | — | — | 4,276 | 4,276 |
| Roinn | 14,949 | 3 | 594 | 15,546 | 15,546 |
| | 19,225 | 3 | 594 | 19,822 | 19,822 |
| Naomh Cuthbert, Cluain Dolcáin (Céim 1) Baile Átha Cliath Theas | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,988 | — | — | 2,988 | 2,988 |
| Roinn | 8,405 | 70 | 747 | 9,222 | 9,222 |
| | 11,393 | 70 | 747 | 12,210 | 12,210 |
| Baile Baodáin, Ráth Fearnáin | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,303 | — | — | 2,303 | 2,303 |
| Roinn | 9,791 | 2 | 735 | 10,528 | 10,528 |
| | 12,094 | 2 | 735 | 12,831 | 12,831 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Gleanntán na hAbhann, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 539 | 648 | — | 1,187 | 539 |
| Roinn | 2,378 | 4,369 | 4,923 | 11,670 | 12,318 |
| | 2,917 | 5,017 | 4,923 | 12,857 | 12,857 |
| Ascaill Mharcais, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 299 | 1,073 | — | 1,372 | 299 |
| Roinn | 716 | 5,197 | 3,334 | 9,247 | 10,320 |
| | 1,015 | 6,270 | 3,334 | 10,619 | 10,619 |
| Bóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 663 | 332 | — | 995 | 663 |
| Roinn | 1,460 | 7,412 | 19,417 | 28,289 | 28,621 |
| | 2,123 | 7,744 | 19,417 | 29,284 | 29,284 |
| Balgaddy F, Ascaill an Ghrífín, Leamhcán, Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás áitiúil | 102 | — | — | 102 | — |
| Roinn | 119 | 339 | 26,449 | 26,907 | — |
| | 221 | 339 | 26,449 | 27,009 | — |
| Lána Bhaile an Ásaigh, Baile Chill Mhantáin, Cill Mhantáin | | | | | |
| Údarás áitiúil | 660 | 560 | — | 1,220 | 660 |
| Roinn | 10,560 | 741 | 507 | 11,808 | 12,368 |
| | 11,220 | 1,301 | 507 | 13,028 | 13,028 |
| *Arna maoiniú ag an Roinn* | | | | | |
| Bóthar na Tulaí, Ceatharlach | 13,266 | 27 | — | 13,293 | 13,282 |
| Cluain Gréine Inis, An Clár | — | 17,110 | 168 | 17,278 | 18,535 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Bóthar an Teampaill, Cathair Chorcaí | 11,851 | — | 139 | 11,990 | 11,990 |
| Carraig an Deagánaigh, An Tóchar, Cathair Chorcaí | 16,286 | — | 943 | 17,229 | 17,229 |
| Denroche's Cross, Bóthar an Ghlaisín, Cathair Chorcaí | — | 6,819 | 8,011 | 14,830 | 14,185 |
| Iar-Mhuileann Uí Bheoláin, Seanbhóthar Mhala, Cathair Chorcaí | 2,800 | 10,103 | 4,994 | 17,897 | 17,437 |
| Bóthar Chúrsa an Uisce, An Linn Dubh, Corcaigh, Cathair Chorcaí | 3,356 | 6,113 | 2,178 | 11,647 | 11,647 |
| Bóthar an Teampaill, An Charraig Dhubh, Cathair Chorcaí | — | 2,043 | 9,210 | 11,253 | — |
| Cúirt Wolsey, An Linn Dubh, Cathair Chorcaí | — | — | 15,914 | 15,914 | 15,773 |
| Clarendon Brooks, Carrs Hill, Dúglas, Corcaigh | 12,910 | 243 | 121 | 13,274 | 13,274 |
| Sruthán an Choill, Baile Uí Bheoir, Mala, Corcaigh | 13,194 | 3,072 | 258 | 16,524 | 16,524 |
| Cill Mhóna, Carraig Uí Leighin, Corcaigh | 1,761 | 8,520 | 7,326 | 17,607 | 17,607 |
| Bóthar an Chlochair, Carn Domhnach, Dún na nGall | — | — | 11,720 | 11,720 | 11,720 |
| Admiran, Srath an Urláir, Dún na nGall | — | — | 10,588 | 10,588 | 10,588 |
| Sráid Bonham, Baile Átha Cliath 8 | 19,056 | 693 | 1,303 | 21,052 | 21,052 |
| Gort na Silíní, Baile Formaid/Bruach na Coille/Ráth Bhile, Baile Átha Cliath 10 | 16,728 | — | 3,145 | 19,873 | 19,873 |
| Gleann an Tobair, Séipéal Iosóid, Baile Átha Cliath 8 | 25,561 | 843 | 2,860 | 29,264 | 29,264 |
| Gairdíní Uí Dhuibheannaigh - Forbairt Tionachta Measctha, Baile Átha Cliath 7 | — | — | 129,090 | 129,090 | — |
| Caisleán Sheangánaí, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 2,895 | 3,527 | 70,698 | 77,120 | — |
| Baile Mhic Íre, Domhnach Bat, Fionnghlas | — | — | 70,585 | 70,585 | 70,585 |
| Garraí Caol (Suíomh Bhóthar an Chósta) Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe | 1,000 | 6,158 | 6,758 | 13,916 | 14,266 |
| Radharc na Gréine, (láithreán an Tí Gloine), Bóthar Mhuine Mheá (Céim 1), Cathair na Gaillimhe | 19,084 | — | — | 19,084 | 19,084 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí | — | 8,752 | 10,218 | 18,970 | 17,915 |
| Fána Bhuí, Tuaim, Gaillimh | 6,835 | 3,927 | 281 | 11,043 | 10,565 |
| Coill Bhruachláin, Maigh Cuilinn, Gaillimh | 13,229 | — | 100 | 13,329 | 13,329 |
| Gort na dTulach, Baile Locha Riach, Gaillimh | 16,924 | 20 | — | 16,944 | 16,944 |
| Lohercannon, Trá Lí, Ciarraí | 9,327 | 5,697 | 590 | 15,614 | 15,614 |
| An Baile Nua, Bóthar Ard Cloch, Cill Droichid, Cill Dara | — | 20,588 | 153 | 20,741 | 18,190 |
| Bóthar Hebron, Cill Chainnigh | 802 | 15,284 | 127 | 16,213 | 16,213 |
| Seansuíomh na gCríostaithe, An Ráth Bhán, Luimneach | 10,580 | 384 | 380 | 11,344 | 11,344 |
| Gort Buí, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Lú | 14,009 | 95 | 213 | 14,317 | 14,252 |
| Boice Court (Céim 2), Droichead Átha, Lú | — | 3,861 | 23,277 | 27,138 | — |
| Ascaill an Mhóta, Dún Dealgan, Lú | 80 | 1,237 | 32,336 | 33,653 | — |
| Páirc Wadman, Baile Hayne, Dún Dealgan, Lú | 17,329 | — | 88 | 17,417 | 17,417 |
| Ard an Radhairc, Carraig Mhachaire Rois, Muineachán | 2,257 | 8,164 | 148 | 10,569 | — |
| Rehins Fort, Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Maigh Eo | 1,624 | 5,352 | 4,591 | 11,567 | 11,567 |
| Bóthar an Mhachaire Gailf, Cathair na Mart, Maigh Eo | 380 | 71 | 14,475 | 14,926 | — |
| Gort na Glaise, Baile Fargáin, An Uaimh, Co. na Mí | 4,325 | 306 | 26,981 | 31,612 | — |
| Sráid an Chaisleáin, Cill Dhéagláin, Co. na Mí | 2,535 | 289 | 23,366 | 26,190 | — |
| Cúirt Loch Gabhar, Dún Seachlainn, Co. na Mí | 1,175 | 2,712 | 7,078 | 10,965 | — |
| An Ráithín, Clóirtheach, Uíbh Fhailí | 545 | 1,481 | 13,167 | 15,193 | — |
| Clochar na nUrsalach, Sligeach | — | 2,139 | 19,601 | 21,740 | 20,646 |
| Baile Gunnair, Cathair Phort Láirge | 3,057 | 2,319 | 13,974 | 19,350 | — |
| Cnocán Mhic Liam, Baile Liam, Port Láirge | 13,546 | — | 163 | 13,709 | 13,709 |
| Cluain Haistin, Inis Córthaidh, Loch Garman | — | — | 11,255 | 11,255 | 11,255 |
| Lána Chill Bhríde, Bré, Cill Mhantáin | 17,079 | — | 263 | 17,342 | 17,342 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Three Trouts, Na Clocha Liatha, Cill Mhantáin | 3,692 | 2,076 | 11,894 | 17,662 | — |
| Merrymeeting View, Ráth Naoi, Cill Mhantáin | 11,468 | — | 349 | 11,817 | 11,817 |
| **Iomlán** | **621,860** | **228,090** | **708,221** | **1,558,171** | **1,070,482** |
| | | | | | |
| **Scéim Cúnaimh Caipitil** | | | | | |
| *Arna gcómhaoiniú* [a] | | | | | |
| 25-26 Oileán Uiséir, Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 265 | — | — | 265 | 529 |
| Roinn | 4,438 | 6,334 | 23,003 | 33,775 | 33,511 |
| | 4,703 | 6,334 | 23,003 | 34,040 | 34,040 |
| Eastát Mhichíl, Inse Chór, Baile Átha Cliath 8 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 167 | — | — | 167 | — |
| Roinn | 224 | 1,140 | 20,532 | 21,896 | — |
| | 391 | 1,140 | 20,532 | 22,063 | — |
| | | | | | |
| *Arna maoiniú ag an Roinn* | | | | | |
| Bloc 70, An Plaza, An Pháirc Thiar, Baile Átha Cliath 12 | — | 13,986 | 213 | 14,199 | 14,199 |
| Cúirt Ellis, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7 | 4,509 | 5,095 | 1,367 | 10,971 | — |
| Mainéar Aldborough, Coill Hawkins, Na Clocha Liatha, Cill Mhantáin | — | 36,980 | 571 | 37,551 | — |
| **Iomlán** | **9,603** | **63,535** | **45,686** | **118,824** | **48,239** |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Athfhorás** | | | | | |
| *Arna gcómhaoiniú* [a] | | | | | |
| Teach an Charnáin, Baile Átha Cliath 8 | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,490 | — | — | 1,490 | 1,490 |
| Roinn | 22,610 | — | 1,747 | 24,357 | 24,357 |
| | **24,100** | **—** | **1,747** | **25,847** | **25,847** |
| *Arna maoiniú ag an Roinn* | | | | | |
| Gairdíní San Treasa, Baile Átha Cliath | 22,104 | — | 875 | 22,979 | 22,979 |
| Athghiniúint Chorcaí (Céim 2A), Cnoc na hAoine, Cathair Chorcaí | 11,417 | — | 436 | 11,853 | 11,853 |
| Athghiniúint Chorcaí (Céim 2B), Cnoc na hAoine, Cathair Chorcaí | 2,124 | 685 | 12,309 | 15,118 | — |
| Athghiniúint Chorcaí (Céim 1C), Cnoc na hAoine, Cathair Chorcaí | 1,106 | 463 | 14,572 | 16,141 | — |
| Sráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach[b] | 19,258 | — | 330 | 19,588 | 19,588 |
| Ionad Áitiúil an Chnoic Theas, Luimneach | 12,775 | 18 | 33 | 12,826 | 12,826 |
| Páirc Mhic Cosgair/ Páirc Dhál gCais, Luimneach | 1,421 | 3,865 | 17,240 | 22,526 | 22,526 |
| Ionad Áitiúil an Chnoic Theas, Céim 2, Luimneach | 401 | 3,455 | 8,846 | 12,702 | 12,702 |
| **Iomlán** | **94,706** | **8,486** | **56,388** | **159,580** | **128,321** |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Bonneagar** | | | | | |
| Na Dugaí Theas, Cathair Chorcaí | 7,019 | 204 | 4,407 | 11,630 | 11,790 |
| Droichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath | 638 | — | 11,172 | 11,810 | 11,810 |
| Coill na Silíní, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 3,616 | 54 | 7,720 | 11,390 | 11,660 |
| Maigh Nuad, Cill Dara | 890 | 74 | 12,101 | 13,065 | 11,030 |
| Baile Adaim, Baile Átha Cliath Theas | 9,799 | 5,549 | 652 | 16,000 | 15,175 |
| **Iomlán** | **21,962** | **5,881** | **36,052** | **63,895** | **61,465** |
| | | | | | |
| **Athnuachan uirbeach/athbheochan** | | | | | |
| Lár Bhaile Thamhlachta, Baile Átha Cliath Theas | 537 | 2,088 | 7,711 | 10,336 | — |
| **Iomlán** | **537** | **2,088** | **7,711** | **10,336** | **—** |

Nóta [a] Cómhaoiníonn an Roinn roinnt tionscadal trí chistí dílse údarás áitiúil áirithe ó choinneáil na Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) (coinnítear 80% d'fháltais CMÁ i limistéar údaráis áitiúil go háitiúil). D'fhéadfadh sé go dtiocfaí laghdú ar cheangaltais na Roinne sna blianta ina dhiaidh sin dá mbeadh údaráis áitiúla in ann a gcistí féin a úsáid ó choinneáil CMÁ.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le haon mhórcheangaltas i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchas i gcomparáid le 2021.

**Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (Céim 1A), Cathair Bhaile Átha Cliath**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €7.061 milliún*

Baineann an méadú ar chostas na scéime seo le faomhadh iarchonarthaí athbhreithnithe a eisíodh in 2022 mar gheall ar bhoilsciú ábhar agus ar chostais airgeadais ardaithe.

**Cluain Gréine Inis, An Clár**

*Laghdú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.257 milliún*

Cuireadh forbairtí Chuid V ar áireamh sa bhuiséad bunaidh. Laghdaíodh an líon aonad ó 61 cheann go 55 cinn agus eisíodh buiséad inar baineadh gné Chuid V.

**Denroche's Cross, Bóthar an Ghlaisín, Cathair Chorcaí**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €645,000*

Tháinig méadú ar chostais an tionscadail toisc gur deonaíodh ceadú athbhreithnithe Céim 4 mar gheall ar mhéadú ar chostais tógála.

**An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach*: *€1.055 milliún*

Mar thoradh ar bhoilsciú costas tógála, cuireadh aighneacht athbhreithnithe Chéim 1-4 isteach le méadú de thart ar €1 mhilliún ar fud na scéime 58 n-aonad. Ceadaíodh é sin i mí na Bealtaine 2022 agus rinneadh 2 íocaíocht in 2022.

**An Baile Nua, Bóthar Ard Cloch, Cill Droichid, Cill Dara**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €2.551 milliún*

Cuireadh sé aonad bhreise leis an gconradh faoi chomhaontú Chuid V, rud a chosain €1,516,656. Chomh maith leis sin, d'iarr an forbróir go ndéanfaí athbhreithniú ar na costais tógála chun dul i ngleic le boilsciú ábhar agus praghsanna saothair ó aontaíodh an bunphraghas lándéanta leith. Ceadaíodh é sin agus cuireadh €1,034,345 leis na costais seachadta.

**Clochar na nUrsalach, Sligeach**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.094 milliún*

Eisíodh ceadú buiséid mhéadaithe an 1 Meitheamh 2022.

**Maigh Nuad, Co. Chill Dara**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €2.035 milliún*

Ó ceadaíodh ar dtús é in 2017 i leith, tá an tionscadal faoi réir próiseas mionsonraithe deartha, pleanála agus imscrúduithe láithreáin. Dá bhun sin, tá méadú tagtha ar chostas measta an tionscadail. Eascraíonn an méadú sin as scála na n-oibreacha a theastaíonn agus as tosca boilscithe le linn na tréimhse.

**Baile Adaim, Baile Átha Cliath Theas**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €825,000*

Faoi chreataí comhoibrithe Covid-19 OGP agus faoi chreataí comhoibrithe an bhoilscithe/an tslabhra soláthair, féadfaidh údaráis áitiúla costais bhreise a éileamh a bhaineann le seachadadh a dtionscadail CGTBÁ de bharr na nithe neamhghnácha seo. Dá bharr sin, bhí gá le coigeartú aníos ar bhuiséid an tionscadail aonair chun freastal ar an gcaiteachas ceadaithe breise.

**e) Íocaíochtaí aonadacha na dtionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí**

Tá an Roinn tiomanta do Chlár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí um Thithíocht Shóisialta a fhorbairt. Go dtí seo, rinneadh na conarthaí le haghaidh dhá bheart. Baintear úsáid as samhail leis na bearta seo ar a dtugtar samhail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí atá 'bunaithe ar infhaighteacht', ina ndéanann cuideachta earnála príobháidí aonaid tithíochta sóisialta a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil agus a oibriú i gcomaoin íocaíochta muirir aonadaigh mhíosúil. Tosaíonn an íocaíocht sin nuair a chríochnaítear na haonaid, agus maireann sí 25 bliana ó chríochnú na tógála ar gach láithreán. Cuimsíonn sé gach costas tógála agus saolré ar feadh 25 bliana faoin gconradh, lena n-áirítear

- costas tógála tosaigh na n-aonad
- costais chothabhála
- costais oibriúcháin
- costas saolré
- bainistíocht tionóntachta
- costais mhaoiniúcháin
- soláthar seirbhíse, lena n-áirítear bainistíocht tógála agus sócmhainní, bainistíocht neamhní, seirbhísí deisce cabhrach tionóntaí etc.

Áirítear leis na figiúirí freisin boilsciú réamhaisnéise do thréimhse 25 bliana an chonartha. Cuimsíonn na híocaíochtaí dhá ghné, gné chostais sheasta agus eilimint athraitheach (innéacsaithe), a athraíonn de réir boilscithe.

Is é an t-aon bhealach chun comparáid dhíreach a dhéanamh idir samhlacha difriúla um sheachadadh tithíochta sóisialta ná trí bhreathnú ar na costais fhoriomlána a thabhaítear. Éilítear le treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le húsáid comhpháirtíochtaí príobháidí poiblí, próiseas cuimsitheach um luach ar airgead chun a dheimhniú go soláthraíonn tionscadal comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí luach ar airgead don Stát.

Rinne an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ceithre thástáil luacha ar airgead le haghaidh na gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí um thithíocht shóisialta mar seo a leanas:

1. Réamh-bhreithmheas ar chlár.
2. An tagarmharc cuimsitheach Earnála Poiblí (PSB) a ullmhú ina léirítear na costais saoil mheasta iomlána a bhaineann leis an tionscadal a sholáthar trí úsáid a bhaint as modhanna traidisiúnta soláthair earnála poiblí.
3. Comparáid idir costas na tairisceana is airde rátáil don PSB.
4. Nuashonraíonn sí an tríú tástáil luacha ar airgead le haon athruithe a d'fhéadfadh tarlú le linn chéim na Tairisceana is Fearr chun a dheimhniú gur fabhrach i gcomparáid leis an PSB atá an tairiscint bhuaiteach agus gurb ionann í agus luach ar airgead.

**Beartán 1**

Críochnaíodh Beartán 1 i Ráithe 2 2021, agus cuirtear sé 534 aonad thar shé shuíomh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar fáil leis. Tá dhá cheann de na suíomhanna lonnaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath, a bhfuil ceann amháin i mBaile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Cill Mhantáin agus Lú. Ceapadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun gníomhú mar phríomhúdarás áitiúil agus mar údarás conraitheoireachta chun Beartán 1 a sheachadadh.

**Beartán 2**

Críochnaíodh Beartán 2 i Ráithe 4 2021 agus cuirtear sé 465 aonad thar ocht suíomh ar fáil leis. Tá trí cinn de na láithreáin lonnaithe i limistéar údaráis áitiúil Chontae Chorcaí, agus ceann amháin i gCathair na Gaillimhe, Port Láirge, an Clár, Cill Dara agus Ros Comáin. Ceapadh Comhairle Contae Chorcaí le gníomhú mar phríomhúdarás áitiúil agus mar údarás conarthach do Bheartán 2.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais in-fhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán an tionscadail 2022 [b] | Iomlán an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Beartán 1 [a] | 26,200 | 10,571 | 308,076 | 344,847 | 339,726 |
| Beartán 2 [a] | 2,360 | 26,827 | 265,080 | 294,267 | 292,211 |
| **Iomlán** | **28,560** | **37,398** | **573,156** | **639,114** | **631,937** |

Nóta [a] Léirítear sa tábla seo oibleagáidí muirir aonadaigh do bhearta Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí um thithíocht shóisialta atá curtha i gcrích go dtí seo, lena n-áirítear CBL réamh-mheasta ar na híocaíochtaí muirir aonadaigh.

[b] Is mar gheall ar bhoilsciú a bhí níos airde ná mar a bhí measta in 2022 a tháinig méadú ar iomláin na dtionscadal in 2022. Mar is gnách do thionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí, bíonn ráta bliantúil boilscithe 2% in aghaidh na bliana ar an ngné innéacsaithe den mhuirear aonadach. Áirítear ar na figiúirí cothrom le dáta an fíor-ráta boilscithe do 2022 a bhí níos airde ná an ráta measta, arb é 2% é. Bíonn tionchar aige sin ar na blianta amach anseo toisc go bhfuil an 2% a nglactar leis á chur i bhfeidhm ansin i ngné innéacsaithe a bhfuil bonn níos airde i gceist leis.

## 2.13 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | 45 | 72 |

## 2.14 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí, a bhféadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu, ag brath ar thoradh ghníomhaíochtaí AE agus chaingne eile dlí atá ann cheana, atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Níl aon chinnteacht ann maidir le suim iarbhír ná tráthúlacht aon dliteanas féideartha.

**An Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha:**

Is ranníocaíocht dheonach eisceachtúil í an Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha i bhfoirm scéim deontas a bhunaigh an Roinn agus atá faofa ag an Rialtas chun cabhrú le húinéirí tí áirithe aon lochtanna ar a n-áiteanna cónaithe a leigheas. Cruthóidh an scéim sin glao measta €2.15 billiún (gan boilsciú a áireamh) ar chistí an Státchiste thar thréimhse cúig bliana déag. Achtaíodh an tAcht um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Coincréite Lochtach, 2022, an 23 Iúil 2022, ach níl tús curtha leis go fóill. Nuair a bheidh na Rialacháin ghaolmhara tugtha chun críche, beifear in ann tús a chur leis an scéim deontas fheabhsaithe in 2023.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 93,851 | 91,782 | 79,557 |
| ii | Taisteal agus cothú | 2,033 | 1,989 | 978 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 2,809 | 2,414 | 2,124 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,439 | 1,356 | 1,296 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 20,814 | 14,814 | 14,236 |
| vi | Costais áitribh oifige | 8,116 | 2,877 | 2,542 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 127 | 62 | — |
| viii | Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht*)* | 200 | — | 72 |
| ix | Nochtaí cosanta (seirbhísí imscrúdaithe) | 81 | 3 | 38 |
| x | Oibríochtaí earcaíochta agus Acmhainní Daonna | 332 | 305 | 265 |
| xi | Aonad anailíseach sonraí staidrimh | 596 | 40 | — |
| xii | Córas faisnéise geografaí | 200 | 524 | — |
| | | **130,598** | **116,166** | **101,108** |

### Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €20.814 milliún; toradh €14.814 milliún*

Bhí an caiteachas €6 mhilliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear saincheisteanna slabhra soláthair dhomhanda a raibh moilleanna seachadta crua-earraí mar thoradh orthu do thionscadail lena n-áirítear tionscadal uasghrádaithe Oracle. Bhí moill ann freisin ar dhul chun cinn roinnt tionscadal de chuid Met Éireann agus cuireadh cúrsa oiliúna réamhaisnéiseoirí 3 - 4 mhí a bhí beartaithe do dheichniúr meitéareolaithe ar athló mar gheall ar shaincheisteanna earcaíochta.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €8.116 milliún; toradh €2.877 milliún*

Bhí an caiteachas €5.239 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin den chuid is mó mar gheall ar oibreacha nach raibh ag dul ar aghaidh mar a bhíothas ag súil leis in 2022 do phlean athnuachana Theach an Chustaim, mar gheall ar thosca nach raibh neart ag an Roinn orthu.

**viii Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht)**

*Soláthar meastacháin €200,000; toradh €nialas*

Níor tabhaíodh aon chaiteachas le linn 2022. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar mhoilleanna ar sholáthar seirbhísí suirbhéireachta margaidh do thionscadal taighde a bhí dírithe ar thorthaí tithíochta sóisialta ar leibhéal an teaghlaigh, a tháinig chun cinn mar gheall ar easpa acmhainne tionscail (bhí trí phróiseas tairisceana ag teastáil chun gnólacht suirbhé margaidh a fháil). Síníodh an conradh le haghaidh seirbhísí suirbhéireachta margaidh i mí na Samhna 2022.

**xi Aonad anailíseach sonraí staidrimh**

*Soláthar meastacháin €596,000; toradh €39,790*

Bhí an caiteachas €556,210 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar ath-leithdháileadh €396,000 ar fhotheideal xii Córas faisnéise geografaí chun críocha riaracháin. Ba é €160,210 an gannchaiteachas iarmharach, rud a bhí mar gheall ar mhoill ar sholáthar do thionscadal an chláir meiteashonraí.

**xii Córas Faisnéise Geografaí**

*Soláthar meastacháin €200,000; toradh €524,093*

Mar a luadh thuas, rinneadh €396,000 den soláthar meastacháin don chóras faisnéise geografaí a cuireadh san áireamh ar dtús faoi fhotheideal xi a ath-leithdháileadh ar an bhfotheideal seo chun críocha riaracháin, rud a d'fhág go raibh soláthar méadaithe athbhreithnithe de €596,000 ann ar caitheadh €524,093 de.

## Clár A Tithíocht

| | | | 2022 | | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán − pá | | | 21,375 | 22,089 | 17,244 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | 5,192 | 3,085 | 2,320 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,237,894 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 247,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | (237,000) | | | |
| | | | | 1,248,194 | 1,088,785 | 960,676 |
| A.4 | Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta | | | 344,650 | 368,786 | 271,900 |
| A.5 | An scéim um chóiríocht ar cíos | | | 133,000 | 113,910 | 121,995 |
| A.6 | An scéim um íocaíocht cúnaimh tithíochta | | | 584,650 | 538,961 | 541,693 |
| A.7 | An scéim um chúnamh caipitil | | | | | |
| | | Bunaidh | 96,000 | | | |
| | | Forlíontach | 72,000 | | | |
| | | | | 168,000 | 167,982 | 93,047 |
| A.8 | An scéim um iasachtaí caipitil agus fóirdheontais | | | 54,500 | 62,728 | 53,880 |
| A.9 | Áiseanna pobail | | | 500 | 79 | 122 |
| A.10 | Morgáiste go Cíos | | | 23,000 | 7,602 | 13,988 |
| A.11 | Saoráid airleacain caipitil agus léasaithe | | | 293,905 | 207,560 | 220,350 |
| A.12 | Cóiríocht agus tacaíocht do Thaistealaithe | | | 24,510 | 26,920 | 21,301 |
| A.13 | Cóiríocht do dhaoine gan dídean | | | 193,850 | 242,450 | 223,500 |
| A.14 | Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta | | | 2,741 | 1,190 | 838 |
| A.15 | Athghiniúint agus athchóiriú eastáit | | | 50,000 | 37,547 | 43,779 |
| A.16 | Éifeachtúlacht fuinnimh – iarfheistiú | | | 85,000 | 64,142 | 25,284 |
| A.17 | An scéim deisiúcháin agus léasúcháin | | | 12,000 | 9,949 | 4,276 |
| A.18 | Deontais do thithíocht phríobháideach | | | 65,000 | 66,334 | 53,990 |
| A.19 | Liúntais mhorgáiste | | | 500 | 397 | 471 |
| A.20 | Fóirdheontas tithíochta inacmhainne/úinéireachta comhroinnte | | | 3,000 | 1,457 | 1,855 |
| A.21 | CGTBÁ | | | 32,000 | 17,028 | 19,903 |

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.22 | Leasúchán piríte agus míoca — airgeadteoranta | | 60,000 | 28,753 | 19,050 |
| A.23 | An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | | | | |
| | Bunaidh | 11,594 | | | |
| | Forlíontach | 125,000 | | | |
| | | | 136,594 | 135,294 | 9,456 |
| A.24 | An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | | 11,018 | 11,138 | 11,012 |
| A.25 | Cigireacht ar chóiríocht ar cíos | | 10,130 | 6,878 | 5,263 |
| A.26 | Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe | | 2,484 | 2,189 | 1,050 |
| A.27 | Cothabháil/folúis atá beartaithe | | 30,000 | 28,945 | 32,146 |
| A.28 | Iasacht ar chothromas tí de réir costais | | 70,000 | 50,874 | 9,253 |
| A.29 | An Coimisiún Tithíochta | | 716 | 259 | — |
| A.30 | DPGS/feabhsúcháin/ leigheasúcháin | | 25,000 | 18,266 | — |
| A.31 | Scéim ‘an Chéad Bhaile’ | | 44,000 | 40,000 | — |
| A.32 | An Ciste Tithíochta Inacmhainne | | 60,000 | 8,839 | — |
| A.33 | Ciste Chroí Cónaithe (Cathracha) | | 50,000 | 1,473 | — |
| A.34 | Seirbhísí eile | | 5,604 | 4,640 | 3,033 |
| | | | **3,851,113** | **3,386,529** | **2,782,675** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+ /- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €504.584 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil ar dtús. Bhí róchaitheamh €1.393 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin atá mínithe cheana. Cé go léirítear róchaitheamh do phá ar an iomlán i gClár A, tá tearc-chaitheamh ar phá ann don vóta. Tharla iarmhéid na difríochta, ar ganncaitheamh €503.191 milliún é, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**A.3 Tithíocht údaráis áitiúil**

*Soláthar meastacháin €1.485 billiún; toradh €1.089 billiún*

Áirítear san fhotheideal géilleadh iarchurtha €247.3 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2021. Bhí an caiteachas €396.409 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin, go príomha mar gheall ar dhúshláin i soláthar tithe nua de bharr praghsanna fuinnimh méadaithe, costais tógála méadaithe agus cur isteach ar an slabhra soláthair ábhartha. Aistríodh €237 milliún den tearc-chaitheamh sin chuig cláir eile trí mheastachán forlíontach lena n-áirítear €125 mhilliún go dtí A.23 chun Ciste Fála Talún a bhunú. Tugadh €60 milliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, tacaíodh le méid tithíochta údaráis áitiúil tríd an CMÁ ar luach €45.3 milliún in 2022.

**A.4 Clár reatha caiteachais um thithíocht shóisialta**

*Soláthar meastacháin €344.65 milliún; toradh €368.786 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €24.136 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin ná méadú ar mhéid an tseachadta faoin gclár léasaithe agus méadú ar líon na n-éileamh a cuireadh isteach le haghaidh forchúitimh in 2022.

**A.5 An scéim um chóiríocht ar cíos**

*Soláthar meastacháin €133 mhilliún; toradh €113.91 milliún*

Bhí an caiteachas €19.09 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar athrú ar an nós imeachta forchúitimh maidir le méid an chíosa dhifreálaigh a bailíodh, rud a d’fhág go raibh laghdú ar ghlanchaiteachas cíosa faoin scéim. I measc na dtosca eile tá líon níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis de theaghlaigh a d’fhág an scéim um chóiríocht ar cíos in 2022, na héifeachtaí a bhí ag tabhairt isteach uasteorainn i méaduithe cíosa (dlite mar chuid den reachtaíocht cíosa a tugadh isteach in 2021), agus coigilt ó fhoráil do tháille riaracháin, nár tháinig an próiseas smachtbhannaí i gcrích ina leith in 2022, rud a chuir leis an gcaiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis in 2022.

**A.6 An scéim um íocaíocht cúnaimh tithíochta**

*Soláthar meastacháin €584.65 milliún; toradh €538.961 milliún*

Bhí an caiteachas €45.689 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar chostais chíosa chun tacú le tionóntachtaí HAP a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, mar gheall ar níos lú socraithe tionóntachta in 2022 den chuid is mó. Bhí éilimh a chuir Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP isteach le haghaidh costais a bhaineann le tacaí airgeadais breise chun cabhrú le teaghlaigh gan dídean tionóntachtaí HAP a aimsiú, faoi bhun an mhéid a rabhthas ag súil leis.

**A.7 An scéim um chúnamh caipitil**

*Soláthar meastacháin €96 mhilliún; toradh €167.982 milliún*

Áirítear san fhotheideal meastachán forlíontach €72 mhilliún ar úsáideadh caiteachas breise de €71.982 milliún de chun 200 aonad cóiríochta a sholáthar thar an sprioc de 400 aonad a leagadh síos do 2022. Cosúil le blianta roimhe seo, úsáideadh cistiú CMÁ chun caiteachas breise scéime a chistiú. B'ionann an luach in 2022 agus €12.73 milliún.

**A.8 An scéim um iasachtaí caipitil agus fóirdheontais**

*Soláthar meastacháin €54.5 milliún; toradh €62.728 milliún*

Bhí an caiteachas €8.228 milliún níos airde ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar ath-leithdháileadh €8 milliún d'fhéinchistiú CMÁ a chur i bhfeidhm ar na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, cuirtear maoiniú ar fáil don scéim tríd an Státchiste agus tríd an CMÁ. Cé nár tháinig méadú ar chostas na scéime in 2022, bhí gá le cistiú breise vóta ón Státchiste chun cistiú CMÁ ath-leithdháilte a chlúdach.

**A.9 Áiseanna pobail**

*Soláthar meastacháin €500,000; toradh €78,770*

Cuireann tionscadail saoráide pobail áiseanna breise ar fáil chun tionscadail tógála CAS a chomhlánú. Bhí an caiteachas €421,230 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar líon níos lú iarratas ar chistiú do thionscadail áiseanna pobail, atá faoi stiúir an éilimh.

**A.10 Morgáiste go cíos**

*Soláthar meastacháin €23 mhilliún; toradh €7.602 milliún*

Bhí an caiteachas €15.398 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar laghdú suntasach sa líon cásanna morgáiste go cíos de chuid na n-údarás áitiúil, rud a rinne difear suntasach don chaiteachas gaolmhar. Is scéim faoi stiúir éilimh é morgáiste go cíos agus braitheann rátaí críochnaithe cásanna ar an leibhéal rannpháirtíochta iasachtaí is féidir le hiasachtóirí a bhaint amach. Cosúil le blianta roimhe seo, úsáideadh cistiú CMÁ chun caiteachas breise scéime a mhaoiniú. B'ionann an luach in 2022 agus €1.05 milliún. Tugadh €10 milliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.11 Saoráid airleacain caipitil agus léasaithe**

*Soláthar meastacháin €293.905 milliún; toradh €207.56 milliún*

Bhí an caiteachas €86.345 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar roinnt tosca a chuir bac ar sheachadadh na scéime, lena n-áirítear; praghsanna fuinnimh méadaithe, costais tógála a bhí ag méadú, cur isteach ar an slabhra soláthair ábhartha, agus easpa saothair oilte. Cosúil le blianta roimhe seo, úsáideadh cistiú CMÁ chun caiteachas breise scéime a chistiú. B'ionann an luach in 2022 agus €16.02 milliún. Tugadh €85 mhilliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.12 Cóiríocht agus tacaíocht do Thaistealaithe**

*Soláthar meastacháin €24.51 milliún; toradh €26.92 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú ar chaiteachas €2.41 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin ná méadú suntasach ar ghníomhaíocht na n-údarás áitiúil in 2022. Bhain an ghníomhaíocht bhreise le méadú ar thithíocht, éadálacha agus iasachtaí grúpa a bhaineann go sonrach le Taistealaithe le haghaidh carbhán. Bhí leibhéal ard éileamh ann freisin a bhain le hathchóiriú agus soláthar bánna láithreáin stad. Cosúil le blianta roimhe seo, úsáideadh cistiú CMÁ chun caiteachas breise scéime a mhaoiniú. B'ionann an luach in 2022 agus €669,689.

**A.13 Cóiríocht do dhaoine gan dídean**

*Soláthar meastacháin €193.85 milliún; toradh €242.45 milliún*

Is soláthar seirbhíse ríthábhachtaí iad cóiríocht éigeandála agus seirbhísí gaolmhara chun tacú leo siúd atá gan dídean. Léiríonn an caiteachas breise €48.6 milliún thar an soláthar tosaigh neamh-intuarthachta agus cineál éileamhbhunaithe na seirbhísí do dhaoine gan dídean. In 2022, chuir brúnna boilscithe, na méaduithe géara ar an líon daoine gan dídean a tháinig i láthair, chomh maith leis na méaduithe suntasacha ar an gcostas a bhaineann le cóiríocht neamhsceidealta a sholáthar agus freagairt na haimsire fuaire le leibhéil arda caiteachais.

**A.14 Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta**

*Soláthar meastacháin €2.741 milliún; toradh €1.19 milliún*

Bhí an caiteachas €1.551 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar éilimh i leith an chaiteachais um Chothú Tionóntachta a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. I measc na dtosca eile tá cistiú nár tarraingíodh anuas mar gheall ar mhoilleanna tionscadail agus moill ar scéim deontais tithíochta a thabhairt isteach do dhaoine scothaosta chun ligean dóibh fanacht ina gcónaí ina detach féin. Tugadh €1 mhilliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.15 Athghiniúint agus athchóiriú eastáit**

*Soláthar meastacháin €50 milliún; toradh €37.547 milliún*

Bhí an caiteachas €12.453 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar níos lú éilimh a bheith faighte ná mar a thug údaráis áitiúla le fios ar dtús do 2022. Bhí sé sin mar gheall go páirteach ar phraghsanna fuinnimh méadaithe, costais tógála a bhí ag méadú agus cur isteach ar an slabhra soláthair ábhartha. Chuir na dúshláin seo le hamlínte réamh-mheasta do chéimeanna éagsúla tionscadal.

**A.16 Éifeachtúlacht fuinnimh – iarfheistiú**

*Soláthar meastacháin €85 mhilliún; toradh €64.142 milliún*

Bhí an caiteachas €20.858 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar mhoilleanna a bhí ar údaráis áitiúla mar gheall ar thionchar leanúnach Covid-19, bunú an chláir nua deich mbliana agus bainistiú acmhainní agus oiliúna.

**A.17 An scéim deisiúcháin agus léasúcháin**

*Soláthar meastacháin €12 mhilliún; toradh €9.949 milliún*

Bhí an caiteachas €2.051 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar an gcaiteachas ag scéimeanna um thithe folmha agus ag scéimeanna deisiúcháin agus léasúcháin a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Tugadh €1 mhilliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.19 Liúntas morgáiste**

*Soláthar meastacháin €500,000; toradh €397,209*

Bhí an caiteachas €102,791 níos ísle ná an soláthar meastacháin in ainneoin méadú ainmniúil ar líon na n-éileamh a fuarthas in 2022. Ba é ba chúis leis an gannchaitheamh ná meascán d’iarratasóirí a fuair fóirdheontais níos ísle de réir mar a théann siad ar aghaidh trína dtréimhse íocaíochta cúig bliana, agus an moilliú ar iarratais nua a fuarthas mar gheall ar phraghsanna maoine méadaithe agus ar ioncam laghdaithe.

**A.20 Fóirdheontas tithíochta inacmhainne/úinéireachta comhroinnte**

*Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €1.457 milliún*

Ba é ba chúis leis an nganncaiteachas de €1.543 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin ná líon níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis de theaghlaigh incháilithe faoi na scéimeanna tithíochta inacmhainne agus úinéireachta comhroinnte, (níl na scéimeanna sin beo d’iarratasóirí nua agus, mar sin de, ní féidir ach le teaghlaigh a ceadaíodh roimhe seo titim isteach agus amach as cáiliú don fhóirdheontas de réir mar a athraíonn an geilleagar). De réir mar a tháinig feabhas ar an ngeilleagar in 2022, thit iarratasóirí, a ceadaíodh ar dtús faoi na scéimeanna, lasmuigh de na bandaí ioncaim cáilitheacha do na scéimeanna, rud a d’fhág caiteachas a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**A.21 CGTBÁ**

*Soláthar meastacháin €32 mhilliún; toradh €17.028 milliún*

Bhí caiteachas an Chiste Gníomhachtaithe Tithíochta Bonneagair Áitiúil (CGTBÁ) €14.972 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna tionscadail mar thoradh ar shaincheisteanna soláthair agus dúshláin dhlíthiúla sa chóras pleanála. Cuireadh moill ar thionscadal amháin mar go bhfuil sé le cur ar fáil mar chuid den tionscadal BusConnects. Ina theannta sin, chuir na húdaráis áitiúla trí thionscadal ar ceal le linn na bliana. Tugadh €10 milliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.22 Leasúchán piríte agus míoca — airgeadteoranta**

*Soláthar meastacháin €60 milliún; toradh €28.753 milliún*

Tarraingíodh anuas an €20 milliún iomlán a leithdháileadh ar an Scéim Leasúcháin Piríte in 2022, ach bhí caiteachas na Scéime um Bloic Choincréite Lochtacha €31.247 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar an moill mhór ama idir ceadú deontais agus íostarraingt an chistiúcháin. I measc na bpríomhthosca a mbíonn tionchar acu ar tharraingt anuas tá roghanna feabhsúcháin a rinneadh, an cineál oibreacha (a d’fhéadfadh a bheith éagsúil idir 2 mhí agus 15 mhí) agus moilleanna ag úinéirí tí maidir le tús a chur leis an obair tar éis dóibh faomhadh a fháil. Tugadh €31 mhilliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.23 An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe**

*Soláthar meastacháin €11.594 milliún; toradh €135.294 milliún*

Áirítear san fhotheideal meastachán forlíontach €125 mhilliún chun Ciste Fála Talún a bhunú. Bunaíodh an ciste chun ceannach talún a éascú thar ceann na n-údarás áitiúil, chun a chinntiú go bhfuil na bainc talún riachtanacha ar fáil chun spriocanna seachadta a bhaint amach. Aistríodh €125 mhilliún chuig an nGníomhaireacht Tithíochta i mí na Nollag 2022 chun an ciste a bhunú.

**A.25 Cigireacht ar chóiríocht ar cíos**

*Soláthar meastacháin €10.13 milliún; toradh €6.878 milliún*

Bhí an caiteachas €3.252 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin toisc nár bhain roinnt údarás áitiúil a spriocanna cigireachta amach toisc baill foirne a bheith ath-imlonnaithe chun cóiríocht do dhídeanaithe na hÚcráine a mheasúnú agus deacrachtaí maidir le baill foirne a earcú agus a choinneáil. Tá fóirdheontas na Roinne d’údaráis áitiúla, maidir le forfheidhmiú na Rialachán um Chaighdeáin do Thithe ar Cíos, bunaithe ar an leibhéal gníomhaíochta cigireachta, a thit go mór le linn na dianghlasála.

**A.26 Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta**

*Soláthar meastacháin €2.484 milliún; toradh €2.189 milliún*

Bhí an caiteachas €295,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar go raibh táillí dlí agus táillí gairmiúla breise níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis toisc nach ndearnadh aon imscrúduithe ná achomhairc in 2022. Tháinig gannchaitheamh breise chun cinn mar gheall ar mhoilleanna ar chur i bhfeidhm an phróisis clárúcháin chomh maith le feachtais earcaíochta nár éirigh leo.

**A.28 Iasacht ar chothromas tí de réir costais**

*Soláthar meastacháin €70 milliún; toradh €50.874 milliún*

Ba é ba chúis go príomha leis an easpa €19.127 milliún ná moill ar sheachadadh roinnt tithe a réamh-mheasadh ar dtús faoin scéim iasachta cothromais cíosa costas le seachadadh in 2022, agus í ag dul ar aghaidh sna míonna tosaigh de 2023. Moilleanna a bhain le cúrsaí pleanála agus tógála ba chúis leis sin den chuid is mó. Tugadh €10 milliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

***A.29*** **Coimisiún Tithíochta**

*Soláthar meastacháin €716,000; toradh €258,785*

Bhí an caiteachas €457,215 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar roinnt gnéithe de chlár oibre an Choimisiúin a rabhthas ag súil go dtarlóidh siad roimh dheireadh Ráithe 4 2022 a bheith ar siúl anois le linn Ráithe 1 agus Ráithe 2 2023. Áirítear orthu sin costais riaracháin agus oibriúcháin ghníomhaíocht an Choimisiúin, soláthar taighde scoite chun clár oibre an Choimisiúin a chur chun cinn agus táillí chomhaltaí an Choimisiúin a íoc.

***A.30*** **DPGS/feabhsúcháin/leigheasúcháin**

*Soláthar meastacháin €25 mhilliún; toradh €18.266 milliún*

Bhí an caiteachas €6.734 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar líon laghdaithe éileamh a chuir údaráis áitiúla faoi bhráid na Roinne faoin Scéim Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPGS).

***A.31*** **Scéim 'an Chéad Bhaile'**

*Soláthar meastacháin €44 mhilliún; toradh €40 milliún*

Tharraing The First Home Scheme Ireland DAC €40 milliún anuas ón Aire chun a cheangaltais mar chuid den chomhfhiontar a chomhlíonadh. Meastar go mbeidh an chéad ghlao eile ar an Aire (agus ar scairshealbhóirí eile) cistí a ranníoc i Ráithe 1 nó Ráithe 2 2023. Tugadh an t-easnamh €4 mhilliún ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.32 An Ciste Tithíochta Inacmhainne**

*Soláthar meastacháin €60 milliún; toradh €8.839 milliún*

Tríd is tríd, ba mar gheall ar an líon éileamh ó údaráis áitiúla ar an gCiste Tithíochta Inacmhainne in 2022 a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí gannchaitheamh €51.161 milliún ann. Is é cineál na dtionscadal sin ná go dtagann an chuid shuntasach den chaiteachas chun cinn nuair a bhíonn dul chun cinn maith déanta ar thionscadail a thógáil. Ní thabhaíonn tionscadail i gcéimeanna deartha, pleanála, tairisceana nó luath-thógála caiteachas ar an leibhéal céanna ach méadóidh siad go suntasach de réir mar a théann na tionscadail sin ar aghaidh tríd an tógáil. Tugadh €48 milliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.33 Ciste Chroí Cónaithe (Cathracha)**

*Soláthar meastacháin €50 milliún; toradh €1.473 milliún*

Bhí an t-easnamh de €48.527 milliún mar gheall ar choinníollacha a bhí i bhfeidhm faoi scéim nua Chroí Cónaithe (Cathracha) a tugadh isteach in 2022. Faoin scéim, íocfar fóirdheontas amach tar éis árasán a dhíol. Toisc go dtógann sé dhá bhliain chun tógáil árasán a chur i gcrích, níor íocadh aon fhóirdheontais amach in 2022. Tugadh €45 mhilliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**A.34 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €5.604 milliún; toradh €4.64 milliún*

Bhí an t-easnamh de €964,142 mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear costais bhainistíochta tionscadail sheachtracha, a bhain le seachadadh na dtionscadal cíosa costais ar scála mór tosaigh ag údaráis áitiúla agus costais tionscadail eile, nach dtagann chun cinn mar a bhí réamh-mheasta. Ar leithligh, bhí am breise de dhíth ar an reachtaíocht lena ndéantar foráil do chomhlacht clárúcháin reachtúil do thógálaithe a chur i bhfeidhm. Achtaíodh é i mí Iúil 2022 nuair a ceapadh an comhlacht reachtúil i mí Eanáir 2023. Dá bhrí sin, níor tháinig caiteachas suntasach chun cinn sa réimse sin in 2022.

## Clár B Uisce

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán − pá | | 3,295 | 6,571 | 5,754 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | 799 | 647 | 596 |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | | 25,252 | 20,646 | 21,423 |
| B.4 | Clár Uisce Tuaithe | | 62,650 | 54,520 | 48,056 |
| B.5 | Uisce Éireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,459,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | 1,460,200 | 1,415,040 | 1,276,059 |
| B.6 | Údaráis Áitiúla | | 13,600 | 12,771 | 17,892 |
| B.7 | Saincheisteanna comhshaoil uisce oidhreachta | | 8,000 | 287 | 165 |
| B.8 | Muirthimpeallacht | | 3,200 | 1,688 | 1,507 |
| B.9 | Comhlacht Comhairleach Uisce | | 320 | 47 | 48 |
| B.10 | Seirbhísí eile | | 34 | — | 124 |
| | | | **1,577,350** | **1,512,217** | **1,371,624** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+ /- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €64.133 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí róchaitheamh €3.124 milliún i gceist le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin. Cé go léirítear róchaitheamh ar phá ar an iomlán i gClár B, tá gannchaitheamh ann ar phá don vóta. Tharla iarmhéid na difríochta, ar gannchaitheamh €67.257 milliún é, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**B.3 Clár cáilíochta uisce**

*Soláthar meastacháin €25.252 milliún; toradh €20.646 milliún*

Bhí an caiteachas €4.606 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar an moill ar thabhairt chun críche an phlean bainistíochta abhantraí, rud a d'fhág go raibh moill ar thús na gclár oibre éagsúil, na n-imeachtaí éagsúla agus na ngníomhaíochtaí éagsúla. Chomh maith leis sin, is cistiú ilbhliantúil é an cistiú maidir le clár INTERREG V (bearta comhshaoil) de chuid AE, agus braitheann an méid a theastaíonn in aon bhliain ar leith ar an méid a tarraingíodh anuas sa bhliain roimhe sin. In 2022, bhí an tarraingt anuas de réir tionscadal níos moille ná mar a bhí réamh-mheasta. Tugadh €1.8 milliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**B.4 An Clár Uisce Tuaithe**

*Soláthar meastacháin €62.65 milliún; toradh €54.52 milliún*

Bhí an caiteachas €8.13 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar €5 mhilliún don Bhailiúchán Fuíolluisce nua agus do Riachtanais Chóireála do Shráidbhailte agus Lonnaíochtaí nach bhfuil rochtain acu ar Sheirbhísí Fuíolluisce Poiblí gan a bheith caite toisc nach go raibh an próiseas iarratais ar chistiú ar siúl fós. Ina theannta sin, cuireadh moill ar phleanáil agus ar chríochnú tionscadal mar gheall ar shrianta Covid-19 roimhe seo chomh maith le laghdú ar acmhainní foirne na n-údarás áitiúil. Tugadh €4 mhilliún den ghannchaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2023 mar ghéilleadh iarchurtha.

**B.6 Údaráis áitiúla**

*Soláthar meastacháin €13.6 milliún; toradh €12.771 milliún*

Bhí an caiteachas €828,965 níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar fhorchúiteamh a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar chaiteachas na n-údarás áitiúil ar fheidhmiú na hOifige Aistrithe Seirbhísí Uisce. Ina theannta sin, bhí caiteachas ar aistriú sócmhainne seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann[a] níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis chomh maith le forchúiteamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar iasachtaí seirbhísí uisce oidhreachta a bhí i seilbh na n-údarás áitiúil.

**B.7 Saincheisteanna comhshaoil uisce oidhreachta**

*Soláthar meastacháin €8 milliún; toradh €286,527*

Bhí an caiteachas €7.713 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar ghannchaitheamh ar thionscadail bhonneagair arna soláthar ag an bhforbróir, mar thoradh ar an am a bhí ag teastáil chun na tionscadail a chur i gcrích.

**B.8 Muirthimpeallacht**

*Soláthar meastacháin €3.2 milliún; toradh €1.688 milliún*

Bhí an caiteachas €1.512 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar tharraingt anuas cistiúcháin laghdaithe ag gníomhaireachtaí seachtracha mar gheall ar mhoill ar roinnt gnéithe den obair thacaíochta a thosú.

**B.9 Comhlacht Comhairleach Uisce**

*Soláthar meastacháin €320,000; toradh €46,675*

